Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14768/1/17**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0148 (COD)**

**CODEC 1888**
**CONSOM 368**
**MI 864**
**COMPET 803**
**TELECOM 311**
**JUSTCIV 275**
**DIGIT 255**
**IND 329**
**IA 193**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**<u>Ráiteas ón Ostair</u>**

Leagann an Ostair béim ar thábhacht Aithris 16, ina luaitear nár cheart ceangal a chur ar na Ballstáit córas pionós nua a chur ar bun.

## **Ráiteas ón gCoimisiún**

Tá an méid seo a leanas á dhearbhú ag an gCoimisiún Eorpach.

- Ceanglaítear le hAirteagal 21 nach mór do na húdaráis inniúla bearta cuí forfheidhmiúcháin a dhéanamh chun scor a chur ar sháruithe forleathana. Leagtar amach san Airteagal sin (go neamh-uileghabhálach) na cásanna inarb iomchuí, go háirithe, bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh.

- Ar na cásanna sin, liostaítear in Airteagal 21: na gealltanais i mír (1)(d) nach bhfuil leordhóthanach chun a áirithiú go scoirfear den sárú nó, i gcás inarb iomchuí, go leigheasfar tomhaltóirí a ndearna an sárú díobháil dóibh; agus mír (1)(e) mainneachtain an trádálaí na gealltanais sin a chur chun feidhme.

- Ní mór Airteagal 21(1)(d) agus (e) a léamh i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin, eadhon comhar forfheidhmiúcháin éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú i measc údaráis inniúla phoiblí forfheidhmiúcháin chun sáruithe laistigh den Aontas agus sáruithe forleathana a bhrath agus a imscrúdú agus ordú a thabhairt scor díobh, agus i gcomhréir leis na príomhfhorálacha maidir le bearta feabhais atá sa Rialachán, go háirithe Airteagal 9(4)(c). I gcás bearta comhordaithe, má lorg údarás inniúil gealltanais ar thrádálaí chun leigheasanna dóthanacha a thairiscint do na tomhaltóirí a mbaineann sárú leo, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí, go háirithe, bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair nach leor na gealltanais sin chun go leigheasfaí tomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca an tsáraithe nó murar cuireadh na gealltanais sin chun feidhme.